C/2025/4211

20.8.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe san Aontas Eorpach a phleanáil

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/4211)

Rapóirtéir: **Lidija PAVIĆ-ROGOŠIĆ**

Comhrapóirtéir: **Mateusz SZYMAŃSKI**

Comhairleoirí	Pedro HOMEM DE GOUVEIA (thar ceann an rapóirtéara) Krystyna WOJEWÓDZKA-KRÓL (thar ceann an chomhrapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	27.5.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	19.6.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	597
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	111/1/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Córas soghluaisteachta uirbí maith, is rud é sin atá ríthábhachtach le haghaidh cháilíocht saoil ár sochaí, dálaí oibre cuí agus iomaíochas an gheilleagair. Tá an córas sin ag brath ar lear mór daoine, agus bíonn na daoine sin ag brath ar an gcóras freisin. Chun ár gcórais soghluaisteachta uirbí a ullmhú le haghaidh dhúshláin nua ár linne, is gá beart a dhéanamh le chéile agus caipiteal airgeadais, polaitiúil agus sóisialta a shlógadh.

1.2. Ní mór dúinn ár gcórais soghluaisteachta uirbí a stiúradh i dtreo na hinbhuanaitheachta comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíche. Ní mór dúinn dul chun cinn a dhéanamh i ngach ceann de na trí ghné sin, nó ní éireoidh linn dul chun cinn ar bith a dhéanamh – nó, ar a laghad, gan é a dhéanamh ar an scála agus ar an luas a theastaíonn uainn.

1.3. Tá athrú ag tarlú i réimse na soghluaisteachta uirbí, rud as a dtagann bagairtí agus deiseanna. Chun gníomhaíochtaí éifeachtacha a dhéanamh, teastaíonn straitéis fhónta chun leas an phobail a chosaint, bearta saincheaptha, an toil pholaitiúil a bheith ann chun na bearta sin a chur chun feidhme agus an cumas eagraíochtúil a bheith ann le go mbeidh toradh ar an toil sin.

1.4. Chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht uirbeach agus an tionchar aici ar an gcomhshaol a laghdú, ní mór dúinn Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUInna) a leagan amach. Iarrann CESE ar na Ballstáit *cláir náisiúnta* a ullmhú chun cúnamh a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha PSUInna a leagan amach agus a chur chun feidhme trí bhíthin treoirlínte, fothú acmhainneachta agus cistiúcháin; iarrann sé ar an gCoimisiún tacaíocht a chur ar fáil ionas gur féidir leanúint de líonraí CIVINET agus cur leis na líonraí sin.

1.5. Beidh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027 fíor-riachtanach chun an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus spriocanna an Aontais maidir le TEN-T, an chosaint chomhshaoil agus an tsábháilteacht ar bhóithre a bhaint amach. Ba cheart don Choimisiún úsáid PSUInna mar phíblíne infheistíochta a chur chun cinn, rud a thabharfadh dreasacht dhearfach maidir le hoibleagáidí a bheadh i gcomhréir le hoibleagáidí TEN-T a chur i bhfeidhm sna nóid uirbeacha.

1.6. Tá PSUInna thar a bheith tábhachtach le haghaidh forbairt réigiúnach chothrom. Is céim ríthábhachtach é cruthaitheacht agus caipiteal sóisialta réigiúin a shlógadh; tá ról lárnach le himirt ag eagraíochtaí fostóirí, eagraíochtaí oibrithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ní mór iad a spreagadh chun cur leis an idirphlé sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh na páirtithe leasmhara uile ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais rannpháirteach sa phleanáil, lena n-áirítear i gcás saincheisteanna trasteorann.

1.7. Agus pleanáil á déanamh againn maidir le soghluaisteacht ‘uirbeach’, ní mór dúinn a chur san áireamh go mbíonn tionchar mór ag saol sóisialta agus eacnamaíoch na limistéar uirbeach ar limistéir fho-uirbeacha, pheirea-uirbeacha agus thuaithe, agus go gcaithfear dearcthaí agus riachtanais na limistéar éagsúil sin a chur san áireamh. Fágann córas soghluaisteachta neamhéifeachtúil go gcruthaítear agus go gcothaítear deighilt idir na limistéir uirbeacha agus na limistéir thuaithe agus bíonn impleachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla ag an deighilt sin. Is éard a chiallaíonn cothroime an chórais soghluaisteachta go bhfuil córas iompair ar phraghas réasúnta ann nach gcruthaíonn pribhléidí i bhfabhar na ndaoine sin atá níos fearr as.

1.8. Is é an t-iompar poiblí, maille leis an taisteal gníomhach agus comhroinnte, an bonn atá leis an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe. Chun a áirithiú go mbeidh na saoránaigh in ann na réitigh is éifeachtúla a roghnú dá dturais, ní mór dúinn *roghchlár iompair ilmhódaigh* atá inacmhainne, inrochtana, sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil dóibh. Is den ríthábhacht go mbainfear leas as an gcur chuige sin sa Chiste Aeráide Sóisialta agus sna Pleananna Aeráide Sóisialta le go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht iompair agus an tionchar sóisialta a bhíonn ag an bpraghsáil carbóin a mhaolú, go háirithe an tionchar ar ghrúpaí leochaileacha.

1.9. Tá an-tábhacht leis an ról atá ag daoine óga, ós rud é go mbíonn tionchar buan ag a n-iompar agus a nósanna siúd. Agus an réiteach soghluaisteachta á dhearadh, ní féidir neamhaird a dhéanamh ar an idirphlé agus ar dhearcadh daoine óga.

1.10. Tá sé ríthábhachtach tacú le hoibrithe agus le fostóirí trí iompar poiblí, soghluaisteacht chomhroinnte agus bonneagar rothaíochta a chur ar fáil más uainn soghluaisteacht atá inbhuanaithe, inrochtana, cuimsitheach agus inacmhainne a bhaint amach.

1.11. Ba cheart go spreagfadh na dálaí oibre oibrithe ár linne agus oibrithe na todhchaí post a fháil in earnáil an iompair.

2. **Cúlra**

2.1. Is féidir an tsoghluaisteacht a shainmhíniú mar an cumas gluaiseacht gan bhac. Is coinníoll bunúsach í an tsoghluaisteacht le haghaidh an tsaoil dhaonlathaigh agus is cnámh droma ár ngeilleagar í. Teastaíonn ó dhaoine rochtain a bheith acu ar phoist, scoileanna, seirbhísí sláinte agus sóisialta, an saol cultúrtha agus sibhialta (tá sé sin ar cheann de na prionsabail a leagtar síos i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta). Is éard a theastaíonn ó fhostóirí go mbeadh oibrithe agus cliaint in ann a n-áiteanna gnó a bhaint amach, agus gur féidir a n-earraí a dháileadh.

2.2. Tá ról tábhachtach ag an gcóras soghluaisteachta uirbí i ngeilleagar an Aontais, óir tá gá leis le haghaidh *úsáid talún* (is réamhriachtanas é nasc a bheith ann leis an ngréasán iompair chun foirgneamh a thógáil), *cúrsaíocht earraí*, *monaraíocht feithiclí*, agus cruthaíonn agus cothaíonn sé *poist*.

2.3. Tá costais éagsúla ag baint leis an gcóras soghluaisteachta uirbí, mar shampla *costais chaipitil* arna n-íoc ag an earnáil phoiblí (tógáil agus cothabháil bonneagair), *costais oibriúcháin* arna n-íoc ag na húsáideoirí (daoine aonair agus gnólachtaí) agus ag na húdaráis phoiblí (chun an ceart chun saorghluaiseachta a áirithiú), agus na *costais intuigthe* ar *coinníollacha seachtrachta* is cúis leo, nach mór don tsochaí a íoc trí chánacha (e.g. an tionchar ar an tsláinte phoiblí a bhíonn ag básanna agus gortuithe ar bhóithre, truailliú aeir agus truailliú torainn).

2.4. Tá ár gcóras soghluaisteachta uirbí faoi réir fhórsaí an athraithe. Le dhá chéad bliain anuas, d’fhág na fórsaí sin go rabhthas ag iarraidh an córas a leathnú, agus tháinig fás ar na gréasáin bóithre agus iarnróid, ar líon na bhfeithiclí, ar an líon ciliméadar a thaistealaítear agus ar an méid fuinnimh a ídítear.

2.5. I láthair na huaire, tá na fórsaí atá ann ag éileamh athrú bunúsach ar an gcóras soghluaisteachta uirbí féin. Eascraíonn cuid de na fórsaí sin as nuálaíocht theicneolaíoch agus ghnó: an leictriú, an digiteáil, domhandú gréasánbhunaithe, úsáid ardán, caipiteal fiontair, agus an úsáid agus an fás tapa (agus neamhrialáilte uaireanta) a bhíonn ann de thoradh na dtosca sin le chéile. Is le leas an phobail a bhaineann cuid eile díobh, is é sin an tiomantas chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú go mór, feasacht chomhshaoil atá ag dul i méid agus an gá atá le hullmhú le haghaidh teagmhais aeráide níos foircní agus níos minice agus le haghaidh dhé-úsáid an bhonneagair.

2.6. Is cinnte go bhfuil athruithe faoi lán seoil. Is é an rogha atá le déanamh againn rogha idir an t-aistriú a leagan amach roimh ré nó imeacht le sruth i dtreo na héiginnteachta, an rud is measa. Cothaíonn an tsoghluaisteacht uirbeach an saol sóisialta agus eacnamaíoch, agus tá géarghá ag roinnt mhaith páirtithe leasmhara leis an aistriú a dhéanamh go hordúil, laistigh den earnáil iompair agus lasmuigh di. Tá gá ag an aistriú sin le straitéis fhónta a fhorbrófar trí phróisis phleanála láidre, agus í bunaithe ar an idirphlé sóisialta agus sibhialta. Is é sin an príomh-mhisean don *phleanáil soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe*.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. San Aontas Eorpach, tá níos mó i gceist leis an bpleanáil soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe ná díreach coincheap: tá taithí mhaith agus treoirlínte soiléire ann agus is ceanglas dlí anois í. I Rialachán an Aontais maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (Rialachán TEN-T) sainaithníodh 431 nód uirbeacha ar fud an Aontais, agus ceanglaítear ar gach nód plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUI) a chur le chéile roimh dheireadh 2027.

3.2. Maidir le PSUI a bhíonn ag nód uirbeach faoi chuimsiú TEN-T, ba cheart feidhm a bheith leis maidir leis an limistéar uirbeach feidhmiúil ina mbíonn de ghnáth cathair agus a cuid criosanna comaitéireachta sna bardais máguaird. Tá an t-idirphlé agus an comhar ríthábhachtach chun na PSUInna a fhorbairt agus a chur chun feidhme – idir na bardais sa limistéar uirbeach feidhmiúil céanna, idir na bardais sin agus an rialtas náisiúnta, agus idir na húdaráis phoiblí agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

3.3. Agus an tsoghluaisteacht 'uirbeach' á pleanáil againn, ní mór dúinn a chur san áireamh go mbíonn tionchar mór ag saol sóisialta agus eacnamaíoch an limistéir uirbigh fheidhmiúil ar limistéir fho-uirbeacha, pheirea-uirbeacha agus thuaithe máguaird. Braitheann sí ar ghluaiseachtaí daoine agus earraí, gluaiseachtaí a thosaíonn i bhfad ó theorainneacha na cathrach, oibrithe a bhíonn ag comaitéireacht ó thithe sna bruachbhailte, cuir i gcás, nó bia a thugtar chun an mhargaidh ó fheirmeacha tuaithe. Cuirtear an t-iompar agus an nascacht dhigiteach i dtábhacht i bhfís fhadtéarmach an Aontais do cheantair thuaithe, 2040.

4. **Barúlacha sonracha**

Na bunrudaí ar dtús

4.1. Is é an siúl an ghné is bunúsaí den chóras soghluaisteachta, agus tá bonneagar siúil ríthábhachtach sa saol laethúil chun rochtain a fháil ar scoileanna, seirbhísí, siopaí agus iompar poiblí ar an leibhéal áitiúil. Nuair a bhíonn easpa inrochtaineachta agus sábháilteachta sa bhonneagar sin, déantar dochar do na daoine is leochailí ar bhealach díréireach agus cruthaítear constaic mhór ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe.

4.2. Is den ríthábhacht a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar bhonneagar iompair chun go mbeidh an spás poiblí agus an t-iompar poiblí 'poiblí' dáiríre, chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann leas iomlán a bhaint as cearta an duine agus as cearta sóisialta, chun sábháilteacht agus compord na n-úsáideoirí uile a fheabhsú, agus chun inbhuanaitheacht airgeadais ár sochaí a chosaint, toisc gur spleáchas a thagann as bacainní agus gur costais a thagann as an spleáchas, rud a d'fhágfadh an t-aosú déimeagrafach ina fhadhb millteanach mór.

4.3. Feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre, is é sin an t-aon bhealach chun dul i ngleic leis an bpríomhchúis le básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre, agus ní féidir déanamh dá uireasa más uainn an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá an chontúirt ar na bóithre ina bacainn mhór ar chur chun cinn an tsiúil, na rothaíochta, úsáid an iompair phoiblí agus na micrea-shoghluaisteachta comhroinnte. Trínár sráideanna a dhéanamh níos sábháilte, bainfear leas iomlán as a n-acmhainneacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil.

Rannpháirtíocht agus idirphlé

4.4. Is féidir teannas a chruthú idir na húdaráis phoiblí agus úsáideoirí modhanna iompair éagsúla, go háirithe tiománaithe gluaisteán, nuair a dhéantar beartais soghluaisteachta inbhuanaithe a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. Tá an rannpháirtíocht agus an t-idirphlé ar leibhéal an phobail ríthábhachtach, agus ní mór gach iarracht a dhéanamh ról sna beartais sin a thabhairt ar bhealach dearfach dóibh siúd uile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, agus ní hamháin dóibh siúd a aontaíonn leis na beartais.

4.5. Tá gá le hidirphlé i measc na bpáirtithe polaitiúla uile: d'fhéadfadh sé go mbeadh vóta tromlaigh ag teastáil ó PSUI lena fhormheas agus go mbeadh am ag teastáil lena chur chun feidhme, rud a ghlacann níos mó ama ná téarmaí oifige na polaitíochta.

4.6. Tá gá le hidirphlé ó ghlúin go glúin freisin le gur féidir fís fhadtéarmach a chruthú lena dtugtar aghaidh ar chearta agus ar riachtanais na nglúnta uile, go háirithe daoine óga. Má dhéantar promhadh na hóige a chur i bhfeidhm maidir leis na beartais soghluaisteachta, cuirfear an tsoghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn.

Athrú iompraíochta

4.7. Féachann an PSUI le patrúin soghluaisteachta neamh-inbhuanaithe a athrú. Chuige sin, is gá na nósanna soghluaisteachta atá ann cheana a athrú, rud is féidir a dhéanamh trí thacú le roghanna malartacha agus na dreasachtaí cuí a chur ar fáil ionas go nglacfar na roghanna sin. Ba cheart léargais iompraíochta a bheith ina mbonn eolais don bheartas a luaithe is féidir.

4.8. Is tráth tábhachtach é an t-aistriú go dtí saol an aosaigh óig, ós rud é go dtagann athruithe ar iompraíocht soghluaisteachta an duine nuair a bhogtar go háit chónaithe nua agus nuair a thosaítear i bpost nua. Is deis thábhachtach é freisin spás poiblí na cathrach a fheabhsú, mar a tharla i Liúibleána nuair a d'fhógair an Chomhairle Cathrach i bhfad roimh ré go ndúnfaí ceann de na príomhshráideanna do thrácht innealta agus cuireadh roghanna malartacha maithe ar fáil chun taisteal go lár na cathrach.

An bhochtaineacht iompair agus an cur chuige ilmhódach

4.9. Is gá smaoineamh ar níos mó ná díreach lárionaid uirbeacha ([1]). Bíonn ar neart daoine atá ina gcónaí i limistéir fho-uirbeacha agus pheirea-uirbeacha rogha a dhéanamh idir an iomarca ama a chaitheamh ar an iompar poiblí nó an iomarca dá gcuid ioncaim a chaitheamh ar ghluaisteán. Mar gheall ar an easpa roghanna malartacha maithe, déantar an rogha atá ann a shaobhadh agus bíonn ar dhaoine gluaisteán a cheannach, rud atá amhlaidh i gcás a lán lán oibrithe. Is mó i bhfad na costais (i dtéarmaí airgid agus ama) a bhaineann leis an iompar ná na costais a bhaineann leis an tithíocht fho-uirbeach, ós rud é go gcuirtear iallach ar oibrithe taisteal ar feadh achair níos faide agus nach mbíonn aon rogha eile sa chóras iompair phoiblí do na daoine sin a bhíonn ag déanamh sealoibre (go háirithe oibrithe riachtanacha) le linn uaireanta beagéilimh. Nuair nach mbíonn éifeacht leis an tsoghluaisteacht uirbeach, bíonn tionchar aige sin ar an gcostas maireachtála agus ar an gcaighdeán maireachtála.

4.10. Dúshlán *réigiúnach* atá ann. Is féidir leis an taisteal laethúil ar an iompar poiblí a bheith an-chostasach má bhíonn ar phaisinéirí ticéid éagsúla a cheannach le linn an turais chéanna. Is réiteach maith é ticéad atá bailí ar feadh tréimhse réasúnta ama (e.g. 75 nóiméad), ar ticéad é is féidir a úsáid ar gach cineál iompair phoiblí. Chuige sin, is gá na táillí a chomhtháthú, rud dá dteastaíonn an phleanáil soghluaisteachta chuí agus comhar cuí idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Tá ról lárnach ag údaráis iompair na gcathracha.

4.11. Is é an t-iompar poiblí cnámh droma chóras soghluaisteachta uirbí an Aontais ([2]). Tá oibleagáidí seirbhíse poiblí fíor-riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear seirbhísí bunriachtanacha ar fáil don phobal, lena n-áirítear na háiteanna agus na hamanna nuair nach mbeadh aon bhrabús le déanamh astu. Ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh i soláthar, sábháilteacht agus compord an iompair phoiblí, agus cosaint a thabhairt dá líonmhaireacht ionas gur féidir cur le minicíocht agus iontaofacht an chórais.

4.12. Ní mór dúinn tuiscint a fháil freisin ar na teorainneacha atá le húsáid an iompair phoiblí i limistéir ina bhfuil dlús íseal daonra agus le linn uaireanta beagéilimh (e.g. i gcás oibrithe a fhágann an obair déanach san oíche nó daoine óga a bhíonn ag taisteal abhaile ó imeachtaí istoíche). Ní mór dúinn tacú leis an iompar poiblí a úsáid in éineacht leis an rothaíocht agus leis an tsoghluaisteacht chomhroinnte (e.g., carr-roinnt nó roinnt gluaisteáin agus iompar a fhreagraíonn don éileamh). Teastaíonn *roghchlár iompair ilmhódaigh* ó dhaoine – dá éagsúla atá sé, is ea is éifeachtúla a fhreagraíonn sé do na riachtanais éagsúla ar bhealach iontaofa inacmhainne.

4.13. Tá ról le himirt freisin ag seirbhísí micrea-shoghluaisteachta comhroinnte (rothair chomhroinnte, rothair leictreacha, rothair lasta, scútair leictreacha agus móipéidí leictreacha) sa roghchlár iompair ilmhódaigh sin. Ní oibríonn roinnt mhaith de na seirbhísí sin ach i limistéir uirbeacha ina bhfuil dlús ard daonra agus ina ngintear ioncam ar bhealach níos éasca. I limistéir ina bhfuil dlús daonra níos ísle, d'fhéadfaidís cabhrú le neart daoine rochtain a fháil ar lánaí iompair phoiblí agus réiteach a chur ar fáil le haghaidh turais ghearra (5 km).

4.14. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte a úsáid agus a mhéadú sna limistéir uirbeacha fheidhmiúla. Is gá tacaíocht an phobail a fháil ar chaoi trína n-áirithítear an inacmhainneacht d'úsáideoirí agus an inmharthanacht d'oibreoirí, chun gur féidir an infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus í a chur i dtreo riachtanais an phobail freisin. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag an earnáil shibhialta freisin, mar atá sa Laitvia, áit a n-úsáidtear tacsaithe sóisialta ar éileamh i limistéir thuaithe.

4.15. Má dhéantar an rochtain ar lárionaid uirbeacha a thabhairt do ghluaisteáin astaíochtaí ísle amháin, is iad na daoine sin nach bhfuil sé d'acmhainn acu gluaisteán den chineál sin a cheannach a bheidh thíos leis. Ní mór an ceart rochtana ar lárionaid uirbeacha a lorg ar bhealach atá comhoiriúnach don cheart atá acu siúd a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sna lárionaid sin teacht a bheith acu ar aer níos glaine, sráideanna níos sábháilte agus limistéir ghlasa bhreise ionas gur féidir tuilte agus tonnta teasa a mhaolú. D'fhonn an choinbhleacht idir cearta dlisteanacha a sheachaint, ní mór dúinn díriú ar rochtain níos éifeachtúla a chur ar fáil do dhaoine agus d'earraí.

Fostaíocht agus iompar

4.16. Cruthaíonn an fhostaíocht éileamh soghluaisteachta agus fágann an comhchruinniú post gur féidir turais daoine a chur le chéile, rud atá ina phríomhchoinníoll maidir le hiompar éifeachtúil inacmhainne a sholáthar. Tráth dá raibh chuirfeadh na fostóirí móra slí iompair ar fáil dá bhfostaithe. Sa lá atá inniu ann, trí úsáid a bhaint as an iompar poiblí agus an tsoghluaisteacht chomhroinnte á chomhlánú sin, is féidir réitigh níos éifeachtúla a chur ar fáil, lena n-áirítear d'oibrithe a thosaíonn nó a chríochnaíonn a gcuid oibre deireanach san oíche nó a bhfuil cónaí orthu i gcomharsanachtaí imeallacha.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais (COM(2021) 345 final) (IO C 290, 29.7.2022, lch. 137).

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le tábhacht an iompair phoiblí do théarnamh glas na hEorpa (tuairim féintionscnaimh) (IO C 75, 28.2.2023, lch. 115).

4.17. Ba cheart smaoineamh ar thacaíocht a thabhairt d'fhostóirí a dhéanann ticéid iompair phoiblí a fhóirdheonú agus a chuireann beartais 'cosc ar ghluaisteáin' chun cinn, lena n-áirítear dreasachtaí cánach a d'fhéadfaí a thabhairt agus bearta cómhaoinithe lena spreagtar fostaithe an chomaitéireacht a chleachtadh ar bhealach níos inbhuanaithe (e.g. spásanna páirceála a chur in áirithe d'fhostaithe a roinneann gluaisteán, stóráil shábháilte agus cithfholcadáin dóibh siúd a bhíonn ag rothaíocht). Is gá an tacaíocht sin do shoghluaisteacht oibrithe a phlé agus a chomhaontú i gcónaí le hionadaithe na n-oibrithe agus le ceardchumainn na n-oibrithe.

Soghluaisteacht inbhuanaithe agus gnólachtaí iomaíocha

4.18. Tríd an iompar earraí a dhéanamh níos inbhuanaithe, is féidir *sochair ghnó* (is comhpháirt den chostas é an t-iompar), *sochair chomhchoiteanna* (laghdú ar astaíochtaí agus brú tráchta) a sholáthar agus cur le hiomaíochas na gceantar uirbeach. Tá an comhar príobháideach poiblí thar a bheith tábhachtach, agus cuireann na Pleananna Lóistíochta Uirbí Inbhuanaithe (PLUInna) bunús láidir ar fáil. Níl PLUInna chomh forleathan céanna le PSUInna agus ba cheart iad a fhorbairt le chéile.

4.19. Chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an lasta uirbigh agus sheachadtaí an mhíle deiridh, tá gá le cur chuige nuálach nach ndéanfaidh dochar do ghnólachtaí agus a d'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta a chruthú agus buntáiste iomaíoch a thabhairt fiú. Ní mór tacaíocht speisialta a thabhairt do mhicrifhiontair agus do FBManna ([3]), do cheannaithe, don cheardaíocht agus do ghníomhaithe beaga eacnamaíocha eile. Ní mór an méid sin a chur chun cinn sa soláthar glas.

4.20. Mar gheall ar an aistriú fuinnimh, tugtar le tuiscint go ndéanfar athruithe ar an ngeilleagar, ar ghnólachtaí agus ar phoist. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na poist a chruthófar ar ardcháilíocht, go gcuirfear dálaí oibre cobhsaí ar fáil leo, go dtabharfar aird ar chearta oibrithe agus go mbeidh pá cuibhiúil ann. Ní mór na hathruithe sin a bheith ina n-ábhar don idirphlé sóisialta.

Poist san iompar inbhuanaithe

4.21. Tá oibrithe de dhíth ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe. Is fadhb é an ganntanas lucht saothair san iompar agus ní mór machnamh a dhéanamh ar conas oibrithe (lena n-áirítear mná ([4])) a spreagadh chun an earnáil seo a roghnú. Ní mór acmhainneacht agus scileanna san earnáil phoiblí agus níos faide i gcéin a mheas, agus tá an t-idirphlé sóisialta ríthábhachtach chun dálaí oibre a choinneáil ar bun agus/nó a fheabhsú.

4.22. Chun oibrithe a mhealladh agus a choinneáil san iompar poiblí, is gá a áirithiú go bhfuil an earnáil sábháilte do na hoibrithe, óir bíonn orthu déileáil go minic le bagairtí agus foréigean ó phaisinéirí. Ina theannta sin, tá sábháilteacht oibrithe an iompair phoiblí ina coinníoll maidir le sábháilteacht gach paisinéara, lena n-áirítear chun an gnéaschiapadh sna stáisiúin iompair phoiblí, ag stadanna agus i bhfeithiclí a chomhrac go héifeachtach.

Fuinneamh úr, feithiclí úra, seanfhadhbanna

4.23. Ní mór buntáistí na leictrea-shoghluaisteachta agus na mbreoslaí malartacha a fheiceáil ina gceart. Tá i bhfad níos mó i gceist ná *an sceithphíopa* – bíonn tionchar dearfach ag feithiclí leictreacha ar thruailleáin aeir, ach ní réiteach iad ar a lán de na fadhbanna soghluaisteachta eile atá ann, e.g. micreacháithníní a thagann ó bhoinn agus ó choscáin, an brú tráchta, an t-éileamh ar pháirceáil, contúirt ar na bóithre agus an tionchar iomlán a bhíonn ag monarú na bhfeithiclí sin ar an gcomhshaol.

4.24. Tá na cathracha i mbun pleanála agus ag déanamh infheistíocht mhór i bhflíteanna nua-aimseartha astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Chun an toradh is fearr a fháil ar na hinfheistíochtaí sin, ní mór do na h*údaráis phoiblí* an soláthar poiblí a chleachtadh ar bhealach trína bhféadfaidh siad cuid den infheistíocht ina ngeilleagar réigiúnach a choinneáil, agus ní mór do mhonaróirí busanna an Aontais feabhas a chur ar a n-acmhainneacht thionsclaíoch chun méideanna níos airde a sholáthar in amlínte níos giorra.

4.25. Tá sé thar a bheith tábhachtach iarracht a dhéanamh barr feabhais agus éifeachtúlacht a bhaint amach maidir le teicneolaíochtaí éagsúla a úsáid chun go mbeidh na torthaí is fearr ann ar chostas áirithe, go háirithe agus cistí poiblí á n-úsáid.

Pleanáil spásúlachta agus pleanáil soghluaisteachta

4.26. Ní mór an phleanáil spásúlachta agus an phleanáil iompair a idirnascadh agus a chomhordú. Tá sé thar a bheith tábhachtach comhtháthú níos fearr a dhéanamh chun an inrochtaineacht a fheabhsú agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na cúiseanna a bhíonn ag duine leis an taisteal. I dtéarmaí na pleanála uirbí, is féidir é sin a bhaint amach trí mheascán níos fearr de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla a chur san áireamh san úsáid a bhaintear as spás, agus tacú leis sin trí fheabhas a chur ar an tsoghluaisteacht.

([3]) Féach *Recommendations on Urban Logistics from the EGUM*.
([4]) Tuairim ó CESE *Mná in earnáil an iompair – Ardán an Aontais le haghaidh athrú* (IO C 246, 28.7.2017, lch. 1) (níl leagan Gaeilge ar fáil).

4.27. Tarlaíonn sé i gcónaí go sínítear bonneagar na bhfóntas poiblí (e.g. an leictreachas, an t-uisce agus an tsláintíocht) nuair a mhéadaíonn an limistéar uirbeach, sin toisc go gciallaíonn foirgnimh nua éileamh nua. Ba cheart soláthar na réiteach soghluaisteachta inbhuanaithe a phleanáil, a íoc agus a chinntiú ón tús, nó cuirfidh na forbairtí nua leis na fadhbanna soghluaisteachta atá ann cheana trí bhreis tráchta a ghiniúint agus iallach a chur ar theaghlaigh nua gluaisteán a bheith acu.

Cathracha aeráidneodracha

4.28. Tacaíonn CESE leis an misean Eorpach Cathracha Aeráidneodracha Cliste a chruthú faoi 2030, rud arb é is aidhm dó creat coiteann a chur ar fáil maidir leis an aeráidneodracht i gcathracha. Sa mhisean sin, spreagtar na cathracha go mór chun PSUInna a ullmhú agus glactar cur chuige trasearnála atá bunaithe ar éileamh. Leis an gcur chuige sin, cruthaítear sineirgí idir na tionscnaimh atá ann cheana agus bunaítear na gníomhaíochtaí ar fhíor-riachtanais na gcathracha.

Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUInna) agus cistiú

4.29. Chun PSUInna a leagan amach le haghaidh 431 nód uirbeacha roimh dheireadh 2027, beidh gá le pleanáil a dhéanamh ar scála ollmhór agus is deis uathúil chriticiúil é sin chun rudaí a chur ina gceart. Ní mór beart a dhéanamh anois. Tá sé ríthábhachtach *cláir thacaíochta náisiúnta* a bheith ann agus iad in acmhainn tacaíocht theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil, cuir chuige chaighdeánacha a ardú agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn. Tá ról lárnach ag pointí teagmhála náisiúnta na PSUInna.

4.30. Tá sé an-tábhachtach a mheas an bhfuil lánúsáid á baint as na cistí atá ar fáil chun tacú le cur chun feidhme PSUInna, agus an bhfuil sineirgí á mbaint amach. Faoi láthair, tá tacaíocht ann faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa/cistí TEN-T, an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta, Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha, URBACT, an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin, Fís 2020 agus Interreg na hEorpa. Tá acmhainní airgeadais éagsúla ar fáil agus tá siad uile ag brath ar CAI.

4.31. Beidh an-tábhacht leis an leagan de CAI a bheidh ann tar éis 2027 chun go bhféadfar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus spriocanna soghluaisteachta an Aontais a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil athchóiriú á dhéanamh ag an Aontas ar ionstraimí cistiúcháin na hEorpa, ba cheart don Choimisiún leas a bhaint as PSUInna mar uirlis chun píblínte tionscadal a chur ar bun agus chun an cistiú ón Aontas a chuíchóiriú. Bheadh sé sin ag teacht le dreasacht dhearfach arna ceangal le hoibleagáidí TEN-T ar na 431 nód uirbeacha, spreagfadh sé forbairt PSUInna ardcháilíochta agus thacódh sé lena gcur chun feidhme. D'fhágfadh an comhleanúnachas sin go meallfaí infheistíocht phríobháideach chuig na geilleagair réigiúnacha agus chruthófaí poist nua.

Fothú acmhainneachta

4.32. Cé gur cheart an próiseas a shainítear i dtreoirlínte PSUI an Aontais a bheith ina phointe tagartha do na nóid uirbeacha uile, níl aon réiteach amháin ann a oireann do chách. Ní mór do limistéir uirbeacha teacht ar na réitigh is fearr is féidir chun déileáil lena saintréithe féin, agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna agus na cumais atá acu. Is é sin an fáth a bhfuil fothú acmhainneachta ar an leibhéal áitiúil ríthábhachtach.

4.33. Tíortha nach bhfuil aon treoirlínte náisiúnta acu i leith na pleanála soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe, moltar dóibh iad a fhorbairt a luaithe is féidir, ionas gur féidir a gcuid PSUInna a fhorbairt ar bhealach éifeachtúil caighdeánaithe. Is féidir leas a bhaint sa phróiseas sin as na moltaí ón gCoimisiún Eorpach maidir le cláir thacaíochta náisiúnta don phleanáil soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe. Ba cheart treoirlínte náisiúnta a leagan amach i gcomhar leis na cathracha, rialtais na réigiún, an saol acadúil agus páirtithe leasmhara na soghluaisteachta uirbí, saineolaithe agus an tsochaí shibhialta.

4.34. Ba cheart comhordú leanúnach a bhunú idir na comhlachtaí ábhartha laistigh de gach limistéar uirbeach feidhmiúil. Ba cheart faireachán agus measúireacht chuí leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme PSUInna trí shásraí a bhunú chun an dul chun cinn maidir le baint amach a gcuspóirí a thomhas.

4.35. Tá ról tábhachtach ag CIVITAS, trí dheontais, tionscadail agus oideachas a chur ar fáil agus feasacht a mhúscailt, agus is fusa atá sé eolas a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta ina dteangacha féin agus dea-chleachtais a roinnt leo a bhuí le líonraí CIVINET. Tá ag éirí go maith leis an bpróiseas sin, agus ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt dó agus é a scaipeadh chuig níos mó tíortha.

4.36. Ní mór saineolas na saineolaithe agus na n-institiúidí pleanála uirbí a chur san áireamh freisin i bpleanáil agus i neartú na hacmhainneachta atá sna rialtais áitiúla agus réigiúnacha, agus ba cheart dóibh oibriú leis na hionadaithe tofa chun toil pholaitiúil agus tuiscint pholaitiúil a fhorbairt agus a fhás.

An Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE